C/2025/1972

11.4.2025

P10_TA(2024)0056

Toghadh an Ombudsman

Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa an 17 Nollaig 2024 lena dtoghtar an tOmbudsman Eorpach (2024/2062(INS))

(C/2025/1972)

Tá Parlaimint na hEorpa,

— ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe an tríú mír d'Airteagal 24 agus Airteagal 228 de,

— ag féachaint don Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 106a de,

— ag féachaint dá Rialachán (AE, Euratom) 2021/1163 an 24 Meitheamh 2021 lena leagtar síos na rialacháin agus na coinníollacha ginearálta lena rialaítear comhlíonadh dhualgais an Ombudsman (Reacht an Ombudsman Eorpaigh) agus lena n-aisghairtear Cinneadh 94/262/ECSC, CE, Euratom ([1]),

— ag féachaint do Riail 237 dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don ghlaoch ar ainmniúcháin ([2]),

— ag féachaint dá vóta an 17 Nollaig 2024,

1. ag toghadh Teresa ANJINHO chun feidhm an Ombudsman Eorpaigh a fheidhmiú go dtí deireadh an téarma pharlaimintigh;

2. á iarraidh ar Teresa ANJINHO mionn a ghlacadh os comhair na Cúirte Breithiúnais;

3. á threorú dá hUachtarán an cinneadh atá i gceangal a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*;

4. á threorú dá hUachtarán an Cinneadh seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig an gCúirt Bhreithiúnais.

([1]) IO L 253, 16.7.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1163/oj.
([2]) IO C, C/2024/4914, 30.8.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/4914/oj.

IARSCRÍBHINN

CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

an 17 Nollaig 2024

lena dtoghtar an tOmbudsman Eorpach

TÁ PARLAMINT NA hEORPA,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe an tríú mír d'Airteagal 24 agus Airteagal 228 de,

Ag féachaint don Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 106a de,

Ag féachaint dá Rialachán (AE, Euratom) 2021/1163 an 24 Meitheamh 2021 lena leagtar síos na rialacháin agus na coinníollacha ginearálta lena rialaítear comhlíonadh dhualgais an Ombudsman (Reacht an Ombudsman Eorpaigh) agus lena n-aisghairtear Cinneadh 94/262/ECSC, CE, Euratom ([1]),

Ag féachaint do Riail 237 dá Rialacha Nós Imeacht,

Ag féachaint don ghlaoch ar ainmniúcháin ([2]),

Ag féachaint dá vóta an 17 Nollaig 2024,

TAR ÉIS A CHINNEADH:

Teresa ANJINHO a thoghadh chun feidhm an Ombudsman Eorpaigh a fheidhmiú go dtí deireadh an téarma pharlaimintigh.

Arna dhéanamh in Strasbourg, 17 Nollaig 2024.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán
R. METSOLA

([1]) IO L 253, 16.7.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1163/oj.
([2]) IO C, C/2024/4914, 30.8.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/4914/oj.